MAR A FUAIR SÁRIAS

NEARTMHAR BÁS

Helena Fošnjar

Aistrithe ag Clare O'Callaghan

focaileile

drugebesede

Co-funded by the Creative Europe Programme of the European Union

Helena Fošnjar

MAR A FUAIR SÁRIAS NEARTMHAR BÁS

Sa scéal seo tá achoimre ar scríbhneoireacht Artem Feasach, an duine is dílse don diúc clúiteach agus, lena chois sin an scríobhaí a bhí aige.

Diúc óg é Sárias Neartmhar. Bhí sé i gceannas ar arm mór Thír na nUiscí Liatha agus Gorma. Bhíodh scéalta faoi éachtaí a chuid saighdiúirí á n-insint ó cheann ceann na cruinne, mar ab eol í san am sin. Sa scéal áirithe seo, tagann uair na cinniúna do Neartmhar. Sheas a arm iomlán leis beagnach go dtí an deireadh thiar. Ba é an t-arm ba láidre é a tháinig le chéile sna scéalta a insítear faoin domhan úd. Ach lá amháin, sheas sé os comhair cathrach agus b'éigean dó éirí as an troid.

Ba é an ceathrú seachtain é ag Sárias Neartmhar sa scéal tragóideach seo, agus é ar na daoine ba mó ar labhraíodh faoi ar dhroim an domhain san am sin. Tharla sé gan chuireadh, gan choinne, ach bhí buíonta saighdiúirí as gach cearn den domhan réidh chun catha.

Lá amháin, na saighdiúirí a shiúil gualainn ar ghualainn le Neartmhar ag iarraidh teacht ar thíortha nua, chonaic siad i bhfad i gcéin arm coimhthíoch. An luas agus an ghluaiseacht chomhordaithe a bhí ag a gcapaill bhána, bhain sé an anáil de mharcshlua trom Neartmhair. I measc na marcach, bhí boghdóirí aisteacha a raibh dealramh ar leith orthu. Bhí a gcuid boghanna beag, ach sna truaillí ar a nguaillí bhí saighde fada cruach. Bhí a n-éide fite go seoigh agus iad go hálainn leis. Bhí gach saighdiúir in arm Neartmhair gléasta go hinnealta agus ní raibh ocras ná tart riamh orthu. Bhí siad beagnach dochloíte ach trom, malltriallach fosta. Mhair a gcuid cathanna tamall fada. Bhí siad lán de chinntí straitéiseacha casta ach níor casadh an díomua go fóill orthu.

Láithreach, chuir Neartmhar teachtaire in araicis an mharcshlua mhaorga. Marcach tapa, mear a bhí ann a d'imigh ar cosa in airde aníos an gleann agus dath orbhuí ar a éide faoi ghrian an tráthnóna. An teachtaireacht a bhí leis: "Is mise Sárias Neartmhar agus is é m'armsa an t-arm is treise sa chruinne. Tagaimid faoi shíocháin. Ní éilímid bhur dtaisce. Déanfaimid bhur dtailte a roinnt leat, agus bhur mianaigh agus muilte. Agus sibhse, a fheara uaisle, gheobhaidh sibh saibhreas ré órga Thír na Uiscí Liatha agus Gorma agus déanfaidh Raidimír Bruíonach, ár gceannaire corónaithe, trócaire oraibh."

Nuair a bhí an fógra léite ag an teachtaire, bhreathnaigh sé ar an arm coimhthíoch agus dhall loinnir a n-arm é. A oiread agus focal níor labhair na saighdiúirí, ní dhearna siad ach stánadh air, iad ina dtost. Láithreach bonn baill, theann na marcaigh ar na srianta agus thosaigh na saighdiúirí coise ag siúl d'aon chéim a bhain macalla as an talamh. Thiontaigh siad siar i dtreo an ghleanna, gan aon duine acu breathnú aniar ar an teachtaire, ar feadh meandair féin.

Bhí a fhios ag Neartmhar, fiú sular fhill an teachtaire a fhad leis agus dreach smaointeach ar a ghnúis, nach bhfuair sé freagra. Go malltriallach, maorga, lean a chathlán an t-arm gan iomrá a bhí maisithe ag grian gheal an tráthnóna. Le clapsholas, lasadh na lóchrainn, níor nós leo dul isteach i dtír choimhthíoch le luí gréine.

Shéid leoithne fhionnuar mhaidine ar imeall na n-aillte, ag fógairt bhreacadh an lae. Ghluais an t-arm suas an gleann a bhí ag éirí chomh caol sin nach bhféadfadh na maracaigh a bheith in aice lena chéile. Ar deireadh bhain siad ardchlár tirim amach. Ag bun na spéire bhí mar a bheadh seoid mhór ghléigeal ann.

Lá arna mhárach, bhí an ghrian loiscneach ag seargadh scornacha shaighdiúirí Neartmhair. Bhí an ghrian ag taitneamh ó éirí go luí na gréine, gan aon scamall sa spéir. Ag dul a luí di ar chúl na sléibhte i gcéin, thuig Neartmhar gur cathair í an tseoid. Cathair ónar tháinig an t-arm a casadh orthu an lá roimhe. Bhí sé iomlán trína chéile ach ba cheannfort míleata é. Thug sé na spoir go tréan dá chapall agus ar seisean in ard a chinn: "Roimh thitim na hoíche, déanfaimid campáil os comhair bhallaí na cathrach seo!" D'éirigh na saighdiúirí míshuaimhneach. Ach is dócha nach raibh a fhios acu cad a bhí déanta ag Neartmhar, nach raibh ach beagán cathracha chomh galánta, maorga céanna ar domhan a d'fhéadfadh intinn duine a shamhlú nó lámha duine a thógáil.

Tháinig siad chomh fada leis an gcathair. D'fhan Sárias seachtain iomlán. Dúradh lena oifigigh scabhtála uile teacht chun an champa. A chuid canónacha, fiú an chuid is troime, d'fhan sé orthu go dtí gur tháinig siad isteach ón gcúlchríoch. An lá dár gcionn, chuir sé bronntanas go dtí geata na cathrach. Bhí sé go hálainn seachas costasach. Sféar breochloiche a bhí ann a raibh dathanna uile na spéire air; I dtaca le Sárias de, bhain sé le haitheantas. Sheas sé ansiúd ó oíche ghealaí iomláine go hoíche ghealaí uraithe.

Agus maidin lá arna mhárach, chuir sé teachtaire go dtí geata na cathrach, ionas go bhféadfadh sé a fhógairt go raibh cath i ndán dóibh agus go mbeadh seisean, Neartmhar, ansin i rith ama. Bhagair sé, óir mheas sé gur masla é do ghlór Thír na Uiscí Liatha agus Gorma. D'fhill Corrán Deoraí, teachtaire, gan a pheann a úsáid. Agus an oíche ag druidim isteach, chuaigh sé timpeall an champa ar mhuin capaill chun meanma na saighdiúirí a chinntiú. Ina chuideachta bhí tost, rud nach raibh sé cleachta leis, agus bhí bairillí beorach ann nár baineadh dóibh. Le titim na hoíche, shuigh sé lena chomhairleoirí agus lena cheannfoirt complachta. Bhí a fhios acu gur saighdiúirí iad agus nach raibh a dhath i ndán dóibh ach an troid. "Amárach, ar bhuille a seacht, tabharfaimid orduithe dár saighdiúirí. Ag dul ó sholas dó, ionsóimid. Tiocfaidh cith tine anuas orthu," an focal scoir a bhí acu.

Fada go leor an lá sin a bhí luí gréine ag teacht. Nuair a d'éirigh an spéir dorcha lasadh arís í le caora tine ag ardú as taisce na gcanónacha. Ar feadh leathoíche, las airtléire Neartmhair na spéartha go hard os cionn na cathrach. Bhreathnaigh sé an rois agus chroith sé a cheann: "Mo ghunnadóirí, ba ghnách leo dul romham trí chathanna agus gan agam le mo mhéar a ardú." Níos déanaí an oíche sin chuala sé bairillí beorach á rolladh trasna an champa. Chuala sé beoir á slogadh ag na saighdiúirí ach níor chualathas aon olagón ná scéalta spreagúla faoi éachtaí an airm san am atá caite.

Tháinig éirí na gréine ach d'fhan Neartmhar ina phuball. B'fhéidir gur mhaith an smaoineamh é na capaill a chur sa treo eile - chuaigh an smaoineamh seo sa tóir air ach bhí sé faoi gheasa ag cloigthithe ardeaglaise taobh thiar de na ballaí bána. Cuireadh faobhair ar a spoir agus suas leis ar mhuin a chapaill. Chuaigh sé a mharcaíocht feadh na mballaí agus lá iomlán a thóg sé cúrsa iomlán a chur de. Bhí an iomad iontas feicthe aige, cuid acu a dhúisigh sé óna chuimhní ar scéalta faoi ghlór agus críonnacht an tseansaoil. Bhí sé ag machnamh faoina arm: "Níl aon laoch ina measc, seachas mé féin. Chomh tuirseach atá an ríocht seo. Níl aon duine ann a thabharfadh leis focail. Níl acu ach orduithe, cloigeann crom agus tost."

An é seo a bhfuil d'eolas agam ar an domhan? Mar a bheadh maighdean ann, luíonn an stair liom gach oíche de mo shaol. Ach, cén fear deireanach a sheasfaidh os comhair na mballaí maorga seo?"

Nuair a chuaigh sé a mharcaíocht ar a chapall álainn aigeanta isteach sa champa, tháinig duine de na ceannfoirt a fhad leis ag moladh go luífeadh sé le ciall fir chríonna agus a gcuid leabhar a thabhairt chun an champa. B'fhéidir go mbeadh a fhios acu cén chaoi a bhféadfaí an chéim siar idir seo agus an saibhreas mór thall sa chathair a shárú. "Leabharlann a bheith ar thosach an tslua i láthair catha," arsa Sárias agus é spréachta, is fada is eol dúinn gur dul amú agus dallamullóg é. Bheith ag staidéar agus muid i láthair an chatha nuair ba chóir dúinn eagla ár mbáis a bheith orainn? Ní dhéanfar go deo na ndeor, a shaighdiúir chaoin!"

An lá sin, ag cuardach suaimhnis roimh shuan do Neartmhar, chuimhnigh sé ar scéal a d'inis a chéad mhúinteoir, Nuala na Faisnéise, dó agus é óg. Scéal faoi thaoiseach cogaidh agus mar a chloígh sé cathair álainn éigin. Thimpeallaigh sé an chathair agus mhair an léigear míonna fada. Thagadh éadóchas air le linn na gcathanna ach ní rachadh sé siar óir bhí sé faoi gheasa ag áilleacht na cathrach. Nuair a bhí coirp a chuid saighdiúirí ite ag na fiacha dubha agus na pubaill agus téada na gcatapult ite ag na lucha sheas sé, ar deireadh thiar, os coinne gheataí na cathrach sin. Osclaíodh na doirse dó, isteach leis agus níor chualathas a thásc ná a thuairisc ó shin.

An eagla a bhí ar Neartmhar go raibh an chinniúint chéanna roimhe féin. Chonaic sé é féin agus saighead ag réabadh a scornaí i lár an chatha nó na francaigh á chreimeadh, lá i ndiaidh lae agus é ina bheatha go fóill. "Ní tharlóidh dada gan troid," an smaoineamh deiridh aige roimh thitim ina thromchodladh.
Dála bhunús gach maidine, bhí Neartmhar ag siúl i measc a chuid trúpaí an lá seo fosta. Bhí an t-arm in ord is in eagar, na saighdiúirí ag beannú dó, aoibh bhreá orthu agus é ag siúl thar bhráid. Bhí lúcháir air a fheiceáil nach raibh siad cloíte ná in ísle brí i ndiaidh dóibh an oíche roimhe bheith ag stánadh chomh héadóchasach sin ar bhallaí dosháraithe na cathrach.

Nuair a bhí sé ina aonar tamaillín, chrom sé anuas agus thóg sé dornán den chréafóg thirim. Dhírigh sé, d'oscail sé na méara agus thosaigh ag breathnú ar an chréafóg ag titim ar ais go talamh. Diaidh ar ndiaidh, líonadh a shúile agus thit deoir amháin, go tobann agus go hiomlán, mar bhraon de bháisteach shamhraidh, thit sí ar an chréafóg thirim agus d'imigh.

Bheadh cuimhne air ar feadh na gcianta, ar fud na cruinne. A leithéid de shaibhreas saolta a shaothraigh sé, gach áit dár shiúil sé! Fear a bhí ann a chuir síolta na gcéadta bliain d'eolas sna cúigí iargúlta. Chuaigh sé ar ais chun a phubaill agus shuigh ar an gcathaoir. Chumhdaigh sé a aghaidh ina dhá lámh, chuir a uillinneacha ar a ghlúine agus mhothaigh sé go rabhthas ag déanamh cloiche de. Bhí a chothrom caillte ag an saol, gafa idir an saol mar atá agus an saol ba mhian leis.

D'imigh dhá lá agus dhá oíche eile thart, gaotha fuara tráthnóna ag caileantóireacht dheireadh an tsamhraidh. Ba é deireadh an tríú seachtain é ó tháinig siad chun an mhachaire. D'ordaigh Sárias Neartmhar don arm ar fad an campa a ghlanadh agus fanacht leis ina ranganna ag éirí na gréine. Agus díreach le breacadh an lae, sheas an diúc óg os a gcomhair. Is beag focal a labhair sé: "Filligí abhaile, fillfidh mé féin abhaile fosta, liom féin, nuair a bheidh an chathair seo treascartha agam." Ní raibh d'uchtach na de chumas ag oiread agus saighdiúir amháin cur ina éadan. Le brón agus le doilíos croí, áfach, a d'fhág siad slán aige agus é ag siúl ina measc agus de réir a chéile bhog na saighdiúirí go raibh siad i líne mhór fhada amháin.

Bhí siad ag dul síos an gleann céanna sin arís, gleann na teagmhála mífhortúnaí a raibh macalla brónach ceoil ann. Os a gcomhair amach, brat scamall ard, méith liath lán fearthainne ag bun na spéire. Ní dhearna siad siúd, ag a lán de na saighdiúirí, ach cur leis an tairngreacht dhuairc.

Tamall fada a chaith Neatmhar ag breathnú orthu, ag siúl thar bhearnaí sléibhe agus iad ag imeacht as radharc de réir a chéile mar a bheadh abhainn airgid idir é agus léas bog, brónach na n-aillte agus na n-altán. Nuair a d'imigh an chanóin chúil thar an mám deiridh, shéid leoithne trí fhéasóg dhonnrua an diúic uaignigh agus mhothaigh sé boladh na farraige. Gan aon deifir, agus fiú beagán ciotach, faoi iomlán airm is éide chas sé. Ní raibh fágtha ach é féin agus an chathair. Thug sé coiscéim níos gaire don chathair. Thug céim eile agus ghluais chun tosaigh mar sin. Níorbh fhada gurbh í an chathair amháin a bhí ar a amharc, bhí sé chomh gar sin di. Bhí a fhios aige go raibh sé le stad anseo. Tharraing sé a chlaíomh ón truaill shnasta faoina ribín leathair, rug greim daingean dhá lámh air agus lena raibh de neart ina cholainn, sháigh sé é sa talamh tirim os a chomhair. Cibé áit ar bhreathnaigh sé, bhí ballaí móra ag ardú, ag baint taca as na carraigeacha crochta. Os cionn na mballaí bhí túir faire ollmhóra, dhaingne.

Bhain sé de a chathéide agus a chlogad. Bhain sé de fosta a chuid loirgneán airgid agus chuir gach rud in ord ar an talamh taobh leis. Ar feadh meandair, rinne sé moill agus ansin d'fhógair sé in ard a chinn agus a ghutha: "Is mise Sárias Neartmhar. Ar an saol seo dom, threascair mé an iomad tíortha. Iontu uile, chuir mé deireadh leis na céadta bliain den tíorántacht, den bhreoiteacht agus den chruatan. Thug mé sláinte, trócaire agus grá do na daoine. Ach ní raibh a fhios agam, dá mb'fhada mo shaol, gur idir mé agus an treascairt tá rud éigin eile, a d'imigh orm i gcónaí.

Sciorr mé thart leis an áit seo i gcónaí agus mo chuid marcach ar lánluas. An rud a d'imigh orm nár chloígh mé riamh i mo shaol, rud ar féidir leis mise a chloí. An méid a bhfuil mé ag stánadh air anseo, tá sé do mo chloí. Cuimhneofar orm i spiorad na n-aoiseanna, ach tá mé féin sáraithe.

Tháinig mé chomh fada seo agus an radharc atá agam ar do chathair, féadann sé deireadh a chur liom. Tá deireadh liom anseo, an láthair óna bhfuil mé ag amharc oraibh a chuirfidh deireadh liom. Tír na nUiscí Liatha agus Gorma go brách!"

Is anseo a cuireadh deireadh leis. Mar a bheadh cúpla ealta de ghealbhain faoi scaoll á bpléascadh ó aill chloiche, shuaith na saighde cruach an spéir dhuairc. Nuair a réab siad tríd an gcolainn ag Sárias Neartmhar, ag corraí na talún tuire ina aice, ba iad focail deiridh an diúic is mó cáil faoin spéir: "Go raibh maith agat, a thiarna."

San áit ar lobh a cholainn, d'fhás crann mór a raibh ceannbhrat álainn air. Thug na mílte agus na mílte géag dídean do na héin a chruthaigh gnáthóg dóibh féin ann. Leis na héin, tháinig ceiliúradh agus d'éirigh an machaire glas arís.